C/2025/4998

11.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12068 — PHILIPS / AMBULANZZENTRUM DES UKE / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4998)

1. An 3 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Ambulanzzentrum des UKE GmbH ('Ambulanzzentrum', an Ghearmáin),

— Philips GmbH ('Philips', an Ghearmáin),

— Athleticum am Volkspark GmbH ('JV', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Ambulanzzentrum agus Philips rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an gcomhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Universitätsklinikum Hamburg-Eppendorf, KdöR ('UKE') é Ambulanzzentrum. Is ionad leighis ollscoile agus ospidéal teagaisc Ollscoil Hamburg é UKE, agus tá sé ar cheann de na hospidéil is mó in Hamburg na Gearmáine. Is é an tÚdarás um Eolaíocht, Taighde, Comhionannas agus Ceantair i gCathair Shaor agus Hainseatach Hamburg a dhéanann maoirseacht ar Ollscoil Hamburg,

— Tá Philips ina chuid den ghrúpa Koninklijke Philips N.V., grúpa atá gníomhach ar fud an domhain i dtáirgeadh agus i soláthar táirgí sláinte (táirgí tomhaltais) agus córas sláinte (teicneolaíocht leighis).

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar: ionad míochaine spóirt a oibriú le haghaidh cóireáil shiúlach i gcathair Hamburg na Gearmáine.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12068 — PHILIPS / AMBULANZZENTRUM DES UKE / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË